Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9241/19**

| | |
|---|---|
| **COLAC 30** | **ENV 478** |
| **CFSP/PESC 373** | **ENER 264** |
| **RELEX 496** | **DIGIT 97** |
| **WTO 138** | **EU-GNSS 26** |
| **DEVGEN 105** | **RECH 258** |
| **SUSTDEV 87** | **AVIATION 101** |
| **COHOM 60** | **TRANS 329** |
| **COHAFA 44** | **MIGR 70** |
| **AGRI 255** | **CULT 85** |
| **ACP 60** | **EDUC 243** |
| **ASIE 27** | **COTER 65** |
| **CLIMA 140** | **CYBER 162** |
| **COMAR 6** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8972/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí/Coimisiún maidir le caidreamh an Aontais le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib dar teideal *"Joining forces for a common future"* [Ag obair le chéile ar mhaithe lenár dtodhchaí i gcomhpháirt] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí/Coimisiún maidir le caidreamh an Aontais le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib dar teideal *"Joining forces for a common future"* [Ag obair le chéile ar mhaithe lenár dtodhchaí i gcomhpháirt], mar a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 13 Bealtaine 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le caidreamh an Aontais le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib dar teideal *"Joining forces for a common future"* [Ag obair le chéile ar mhaithe lenár dtodhchaí i gcomhpháirt]**

1. Neartaíodh an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib (LAC) le deich mbliana anuas. Is colún láidir i ngníomhaíocht dhomhanda an Aontais é an caidreamh sin anois. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad anois an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a bhfuil luachanna agus leasanna i bpáirt acu, agus ba cheart dóibh oibriú le chéile níos dlúithe fós sa chreat iltaobhach, go háirithe na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, d'fhonn an fás agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, an urraim do phrionsabail an daonlathais, don smacht reachta agus do chearta an duine a neartú, d'fhonn sochaithe níos athléimní a chothú, agus an tsíocháin, an tslándáil, an t-iltaobhachas agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú agus a chur chun cinn.

2. Tá an Chomhairle tiomanta leanúint de bheith ag cur leis na héachta atá bainte amach le caidreamh ilsrathach seo an Aontais le LAC, éachta a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh leo: comhpháirtíocht straitéiseach dhéréigiúnach bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta cuimsitheach; dlúththeagmhálacha le roinnt foréigiún lena bhfuil Comhaontuithe Polaitiúla, Comhair agus Trádála tugtha i gcrích; agus creataí daingne déthaobhacha le tíortha atá i dtús cadhnaíochta ó thaobh Comhaontuithe Comhlachais a bhunú leis an Aontas Eorpach.

3. Má chuirtear an tAontas agus LAC le chéile, is ionann an OTI atá acu agus 25 % de OTI an domhain; is astu a thagann aon trian de bhallstáit na Náisiúin Aontaithe agus beagnach leath de bhallstáit G20. Bhí ról lárnach ag gníomhaíocht chomhpháirteach an dá réigiún ó thaobh comhaontuithe tábhachtacha iltaobhacha a bhaint amach, amhail Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Comhaontú Pháras. Is den tábhacht é ár gcomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothabháil agus a neartú chun a áirithiú go gcuirfear na gealltanais idirnáisiúnta sin chun feidhme go héifeachtach agus go gcomhlíonfar iad ar an leibhéal domhanda.

4. Sa domhan idirspleách idirnasctha seo, is chun leasa an Aontais agus LAC araon a bheidh sé oibriú le chéile chun na deiseanna a thapú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as timpeallacht idirnáisiúnta atá ag athrú go tapa. Cur chuige atá bunaithe ar luacha, arna chothú ag samhail chomhoibritheach agus ag torthaí a théann chun tairbhe an dá thaobh, sin an ghné is mó a idirdhealaíonn an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus LAC ó shamhlacha eile ar lú a ndíriú ar an dea-rialachas, an trédhearcacht agus an chuntasacht.

5. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal *"Joining forces for a common future"* [Ag obair le chéile ar mhaithe lenár dtodhchaí i gcomhpháirt], a ghlac an tArdionadaí agus an Coimisiún Eorpach. Leis na Conclúidí seo ón gComhairle agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach, leagtar síos creat stóinsithe beartais don chaidreamh straitéiseach idir an tAontas agus LAC do na blianta amach romhainn. Formhuiníonn an Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach agus na gníomhaíochtaí tosaíochta a leagtar amach inti i ndáil le ceithre cinn de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt ar mhaithe le rathúnas, daonlathas, athléimneacht agus ord riailbhunaithe.

6. An daonlathas, an smacht reachta, an urraim do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear saoirse cainte, coimirce do lucht cosanta chearta an duine agus réitigh shíochánta a aimsiú ar ghéarchéimeanna, ní mór go leanfadh siad sin ar fad de bheith i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus LAC. Is é an meath atá tagtha ar na prionsabail dhaonlathacha agus ar na saoirsí sibhialta is cúis leis na géarchéimeanna a bhfuil roinnt tíortha thíos leo i réigiún LAC faoi láthair. Má táthar lena réiteach, ní mór filleadh ar an daonlathas bunreachtúil, deighilt na gcumhachtaí, neartú na cuntasachta, agus córais rialachais a fhreagraíonn do riachtanais na saoránach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an iarraidh a rinne sí cheana go bhféachfaí le réitigh pholaitiúla dhaonlathacha shíochánta a aimsiú lena ndéanfaí saoirse, deiseanna agus guth dlisteanach na ndaoine a athbhunú.

7. Ní féidir poitéinseal iomlán ár gcuid sochaithe a bhaint amach ach amháin má chuirtear ar chumas gach duine - beag beann ar ghnéas, cine, tionscnamh eitneach ná sóisialta, reiligiún, creideamh, tuairimí polaitiúla ná eile, míchumas nó claonadh gnéasach - saol a chaitheamh saor ó idirdhealú agus foréigean. Go sonrach, ba cheart don Aontas Eorpach agus LAC leanúint den chomhionannas inscne a chur chun cinn agus a bhaint amach, é sin agus cumhachtú na mban a chur chun cinn i gach réimse dá gcomhar.

8. Ba cheart don Aontas agus LAC oibriú ar mhaithe leis an athléimneacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shochaíoch a chomhdhlúthú ionas go mbeidh gach tír, lena n-áirítear stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, in ann dul i ngleic le tubaistí, idir tubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine. Teastaíonn comhar feabhsaithe idir an dá réigiún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, idir sheanbhunaithe agus nua. Na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil, chun an bhithéagsúlacht agus na hacmhainní uisce a chaomhnú, an athléimneacht institiúideach a neartú, na míchothromaíochtaí sóisialta a dhíothú, slándáil na saoránach a chur chun cinn, dul i ngleic le fadhb dhomhanda na ndrugaí agus cur i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe, ní bheidh aon rath i ndán dóibh ach amháin má dhéantar idirphlé leathnaithe, comhar neartaithe agus cláir dhéréigiúnacha éifeachtacha lena dtugtar le chéile na príomhpháirtithe leasmhara agus lucht tionchair ón Aontas agus LAC.

9. Tá geilleagair an Aontais agus LAC níos comhtháite lena chéile anois le deich mbliana anuas, ach tá neart eile fós a d'fhéadfaí a dhéanamh. Is é an tAontas an príomh-infheisteoir i dtíortha LAC i gcónaí agus tá méadú suntasach tagtha ar infheistíocht na dtíortha sin san Eoraip. Tá feabhas tagtha ar na hinfheistíochtaí ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de, agus tá luach breise á chruthú ag na hinfheisteoirí tríd an bhfreagracht shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn, trí phoist chuibhiúla a chruthú agus trí fheabhas a chur ar an bhforbairt dhaonna. Tá an rathúnas san Aontas agus LAC á chomhroinnt níos mó anois agus ba cheart go gcuirfí a thuilleadh feabhais air sin le méadú na hinfheistíochta príobháidí agus le húsáid éifeachtach na gcomhaontuithe trádála atá ann cheana. Sna blianta amach romhainn, is cuspóirí tábhachtacha den chomhpháirtíocht eacnamaíoch idir an tAontas agus LAC iad an t-aistriú ionsar gheilleagair ghlasa agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt, infheistíocht in eolas, nuálaíocht agus caipiteal daonna, an geilleagar digiteach a bhrú ar aghaidh agus an nascacht a chur chun cinn.

10. Is den tábhacht go ndéanfaidh an tAontas agus LAC gníomhaíocht chomhpháirteach má táthar le háirithiú go mbeidh na beartais trádála agus infheistíochta riailbhunaithe agus forásach, go ndéanfaidh siad timpeallacht níos fearr a chothú do ghnó agus go gcabhróidh siad le cuideachtaí ón dá réigiún lena bheith iomaíoch sna margaí domhanda, agus go rachaidh siad chun tairbhe na saoránach agus na dtomhaltóirí. Ba cheart don dá réigiún a chinntiú freisin go ndéanfaí cineál luachbhunaithe na comhpháirtíochta déréigiúnaí a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach leis na comhaontuithe trádála, go ndéanfaí an dea-rialachas, an tsláinte agus an tsábháilteacht phoiblí, an comhionannas inscne, agus na caighdeáin shóisialta, shaothair agus chomhshaoil a neartú, lena n-áirítear cur chun feidhme Chomhaontú Pháras.

11. Tá an Chomhairle tiomanta dul chun cinn diongbháilte a dhéanamh chun an chaibidlíocht a thabhairt chun críche i ndáil le comhaontuithe saorthrádála uaillmhianacha cothroma le Mercosur agus leis an tSile, agus is díol sásaimh di go bhfuil an chaibidlíocht le Meicsiceo ar tí a clabhsúir. Faoi chomhaontú nua idir an tAontas agus ACC atá á chaibidil faoi láthair, déanfar an chomhpháirtíocht réigiúnach le Muir Chairib a thabhairt cothrom le dáta agus an t-idirphlé polaitiúil a athneartú. Leis na céimeanna sin, cuirfear a thuilleadh leis na Comhaontuithe Comhlachais, Saorthrádála agus Comhair lena nasctar an tAontas Eorpach le 27 dtír de 33 thír LAC faoi láthair.

12. Tá a lán tíortha LAC tar éis leibhéil arda forbartha a bhaint amach agus athrú ag teacht ar riachtanais agus ionchais na ndaoine iontu dá réir. Mar sin féin, is leochaileach fós an méid a baineadh amach le deich mbliana anuas agus d'fhéadfaí go mbainfí an bonn de mura ndéanfaí é a chaomhnú trí bhíthin athchóirithe struchtúracha, laghdú na neamhionannas socheacnamaíoch, spreagadh na nuálaíochta agus oiriúnú na samhlacha eacnamaíocha do na hathruithe teicneolaíocha. Le cur chun feidhme an Chláir Oibre 2030, beidh deiseanna ann oibriú le chéile agus na gnóthachain sin a chomhdhlúthú.

13. Measann an Chomhairle go gcaithfear, leis an gcomhar a dhéanfar amach anseo, a bheith in ann freastal ar na riachtanais agus na hionchais nua ar mó an chastacht a bhaineann leo ná a bhain leis na seanchinn. Agus tacaíocht á soláthar do na daoine agus na tíortha is mó gátar, agus chun an méid atá bainte amach ó thaobh forbartha de a chomhdhlúthú trí na hathchóirithe riachtanacha a chur chun cinn, tabharfaidh an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile na huirlisí, na meáin agus na hionstraimí nuálaíochta don Aontas chun tús áite a thabhairt don chomhar i réimsí atá ábhartha don dá thaobh, amhail an taighde, digitiú, fuinneamh glan, nascacht, cathracha cliste, agus na tionscail chruthaitheacha, réimsí ina bhféadfadh an dá réigiún tairbhiú de chomhroinnt na taithí, an eolais agus den obair i gcreataí comhoibríocha.

14. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas Eorpach agus LAC a bheith ina gcomhpháirtithe éifeachtacha chun rialacha domhanda a mhúnlú i réimsí amhail an fhorbairt inbhuanaithe, trádáil agus infheistíocht, an fhreagairt don athrú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta, agus forbairtí i gcúrsaí saothair agus teicneolaíochta. Is gá féachaint an bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as an gcomhar féideartha sin. Ba cheart comhordú níos córasaí níos struchtúraí idir an dá réigiún a shaothrú i bhfóraim iltaobhacha, ó Chomhairle um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe go Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus Leabhar Rialacha Katowice. Molann an Chomhairle freisin don Choimisiún dul i mbun comhair le LAC chun córas láidir iltaobhach trádála a chaomhnú agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú.

15. Is cuspóir straitéiseach don Aontas Eorpach i gcónaí í an tacaíocht a thugtar d'oird réigiúnacha comhair. Is iad tíortha LAC a chinnfidh na struchtúir agus na sásraí is fearr chun an t-idirphlé agus an comhar a chur chun cinn sa réigiún, ach leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht déréigiúnach mar thiomántóir don chaidreamh le foréigiúin agus don chaidreamh déthaobhach. Tá an Chomhairle ag súil le hidirphlé feabhsaithe breise agus comhar breise le sásraí trasréigiúnacha, amhail CELAC maille le hiarrachtaí atá á stiúradh ar bhonn foréigiúnach, amhail Comhghuaillíocht an Aigéin Chiúin, Córas Lánpháirtithe Mhéiriceá Láir (SICA), agus Fóram Mhuir Chairib (CARIFORUM)/Comhphobal Chairib (CARICOM). Athdhearbhaíonn sí a toilteanas tús a chur arís lena cruinnithe mullaigh le tíortha LAC chun treoir straitéiseach a thabhairt don chomhpháirtíocht.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur níos mó ná na rialtais atá i gceist leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus LAC. Ba cheart don Aontas Eorpach leanúint dá dhlúthchomhar le heagraíochtaí réigiúnacha agus déréigiúnacha, amhail Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe um Mheiriceá Laidineach agus Muir Chairib, Eagraíocht na Stát Meiriceánach, an Ardrúnaíocht Ibéir-Mheiriceánach, an Institiúid Iodálach-Meiriceá Laidineach, Grúpa an Bhainc Forbartha Idir-Mheiriceánaigh, agus Banc Forbartha Mheiriceá Laidinigh. An caidreamh a bheidh ann sa todhchaí, caithfear é a bhunú ar an méid a bheidh le rá ag na páirtithe leasmhara éagsúla, amhail eintitis fhonáisiúnta, parlaiminteoirí, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an fhondúireacht AE-LAC, meithleacha machnaimh agus lucht acadúil. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh na sochaithe sibhialta lánpháirteach i ngach gné den chomhpháirtíocht le LAC.

17. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí nithiúla a sainaithníodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh faoin mbliain 2020.